LAMA Autumn Seminar "Local Government – Efficiency and Financing"	Listowel Arms Hotel, Listowel, Co. Kerry	8th – 9th October	8
Planning and Development Amendment Act 2010	Hannon's Hotel, Athlone Road, Roscommon	15th – 17th October	2
Alternative Energy; Competing with the Rest of Europe	The Glenroyal Hotel, Straffen Road, Maynooth, Co. Kildare	22nd – 24th October	4
IT Skills for Councillors Part 2 "Facebook for Councillors; A Business Perspective	Killarney Heights Hotel, Cork Road, Killarney, Co. Kerry	22nd- 24th October	1
Criminal Law (Defence and the Dwelling) Bill 2010; Insurance Issues for the Home and Business; Enforcement of Social Standards in Local Authority Housing"	Maldron Hotel Galway, Oranmore, Co. Galway	29th – 31st October	3
17th Annual AOIFE Conference "Partnering for Survival"	Carlton Hotel, Ballinasloe, Co. Galway	4th – 5th November	1
Radon, A Hidden Killer	Manor West Hotel Spa & Leisure Club, Killarney Road, Tralee, Co. Kerry	12th – 14th November	1
ICSH Finance Seminar 2010 "Financial Management in a Changing Environment"	Kilkenny Ormonde Hotel, Co. Kilkenny	18th – 19th November	5
Council Budgets 2011	Silver Tassie Hotel, Letterkenny, Co. Donegal	19th – 21st November	1

Teideal	Láthair	Dáta	Líon na gComhairleoirí
24ú Scoil Samhraidh Humbert	Caisleán an Bharraigh & Cill Ala, Co. Mhaigh Eo	19 – 22 Lúnasa	2
Na Rialacháin um Bainistíocht Dramhaíola; Boinn & Boinn Dramhaíola; Cosc ar Dhiúscairt Dramhaíola trí Dhó; Oibleagáidí ar Fheirmeoirí; Na Saincheisteanna Árachais	Óstán an Kingsvalley, Páirc Mhuirlinne, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Cathair na Gaillimhe, Co. na Gaillimhe	20 – 22 Lúnasa	2
Caomhnú Uisce; Iarmhairt na dTreoirlínte EPA Nua ar Iarratais ar Phleanáil	Óstán an Carlton Atlantic Coast, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo	27 – 29 Lúnasa	1
97ú Comhdháil Bhliantúil Chomhlachas Údarás Bardasach Na hÉireann "Local Government for the Future"	Óstán an Inishowen Gateway, Bun Cranncha, Inis Eoghain, Co. Dhún na nGall	9 – 11 Meán Fómhair	7
Scileanna Láithreoireachta an Díoltóra Árachais; Bainistíocht Feidhmíochta agus Forbairt don Ionadaí Tofa	Óstán an Kingsvalley, Páirc Mhuirlinne, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Cathair na Gaillimhe, Co. na Gaillimhe	17 – 19 Meán Fómhair	2
Iarratais ar Phleanáil; Slánaíocht Phearsanta, an Treoir Bhunriachtanach d'Ionadaithe Poiblí	Óstán an Glenlo Abbey, Páirc na Sceach, Co. na Gaillimhe	24 – 26 Meán Fómhair	5
Conas bheith i do Mhéara/ Chathaoirleach Éifeachtach	Óstán an Creggan Court, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí	30 Meán Fómhair – 2 Deireadh Fómhair	1
Seimineár Oidhreachta La Touche "Local Democracy – in Changing Times"	Óstán an Charlesland Golf and Country Club, Na Clocha Liath, Co. Chill Mhantáin	1 – 3 Deireadh Fómhair	5
Tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe um Éifeachtacht an Rialtais Áitiúil	Óstán Whites, Loch Garman, Co. Loch Garman	1 – 3 Deireadh Fómhair	4
Seimineár an Fhómhair de chuid Chumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil "Local Government – Efficiency and Financing"	Óstán an Listowel Arms, Lios Tuathail, Co. Chiarraí	8 – 9 Deireadh Fómhair	8
An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010	Óstán Hannon's, Bóthar Bhaile Átha Luain, Ros Comáin	15 – 17 Deireadh Fómhair	2
Fuinneamh Malartach; Dul in Iomaíocht leis an gCuid eile den Eoraip	Óstán an Glenroyall, Bóthar Srafáin, Maigh Nuad, Co. Chill Dara	22 – 24 Deireadh Fómhair	4
Scileanna TF do Chomhairleoirí Cuid 2 "Facebook for Councillors; A Business Perspective"	Óstán an Killarney Heights, Bóthar Chorcaí, Cill Áirne, Co. Chiarraí	22- 24 Deireadh Fómhair	1
An Bille um an Dlí Coiriúil (Cosaint agus an Teaghais) 2010; Saincheisteanna Árachais don Bhaile agus don Ghnó; Caighdeáin Shóisialta a Fhorfheidhmiú i dTithíocht Údaráis Áitiúil	Óstán Maldron na Gaillimhe, Órán Mór, Co. na Gaillimhe	29 – 31 Deireadh Fómhair	3
17ú Comhdháil Bhliantúil AOIFE "Partnering for Survival"	Óstán Carlton, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe	4 – 5 Samhain	1
Radón, Marfóir Folaigh	Spá & Club Fóilliochta Óstán an Manor West, Bóthar Chill Airne, Trá Lí, Co. Chiarraí	12 – 14 Samhain	1
Seimineár Airgeadais ICSH 2010 "Financial Management in a Changing Environment"	Óstán Kilkenny Ormonde, Co. Chill Chainnigh	18 – 19 Samhain	5
Buiséid na Comhairle 2011	Óstán an Silver Tassie, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	19 – 21 Samhain	1

Meetings of Council 2010

Ordinary Council Meetings	24
Special Meetings	4
Annual Meetings	1
Budget Meetings	1
Housing & Community Functional Committee Meetings	10
Housing & Community Strategic Policy Committee Meetings	2
Roads & Transportation Functional Committee Meetings	11
Roads & Transportation Strategic Policy Committee Meetings	6
Recreation, Amenity & Culture Functional Committee Meetings	5
Recreation, Amenity & Culture Strategic Policy Committee Meetings	4
Environment Functional Committee Meetings	5
Environment Strategic Policy Committee Meetings	4
Planning & Development Functional Committee Meetings	5
Planning & Development Strategic Policy Committee Meetings	8
Finance Functional Committee Meetings	5
Corporate Policy Group Meetings	10
Intoxicating Liquor on the Streets Committee Meetings	0
Schools Meals Committee Meetings	1
International Relations Committee Meetings	5
An Grúpa Forbartha Ghaeilge	2

Gnáthchruinnithe na Comhairle	24
Cruinnithe Speisialta	4
Cruinnithe Bliantúla	1
Cruinnithe Buiséid	1
Cruinnithe an Choiste Fheidhmiúil um Thithíocht & Pobal	10
Cruinnithe an Choiste um Beartais Straitéiseacha do Thithíocht & Phobal	2
Cruinnithe an Choiste Fheidhmiúil um Bóithre & Iompar	11
Cruinnithe an Choiste um Beartais Straitéiseacha do Bhóithre & Iompar	6
Cruinnithe an Choiste Fheidhmiúil um Áineas, Chonláiste & Chultúr	5
Cruinnithe an Choiste um Beartais Straitéiseacha d'Áineas, Chonláiste & Chultúr	4
Cruinnithe an Choiste Fheidhmiúil don Chomhshaol	5
Cruinnithe an Choiste um Beartais Straitéiseacha don Chomhshaol	4
Cruinnithe an Choiste Fheidhmiúil um Pleanáil & Forbairt	5
Cruinnithe an Choiste um Beartais Straitéiseacha do Phleanáil & Forbairt	8
Cruinnithe an Choiste Fheidhmiúil Airgeadais	5
Cruinnithe an Ghrúpa um Beartas Corparáideach	10
Cruinnithe an Choiste um Dheochanna Meisciúla ar na Sráideanna	0
Cruinnithe Choiste na mBéilí Scoile	1
Cruinnithe an Choiste um Chaidrimh Idirnáisiúnta	5
An Grúpa Forbartha Ghaeilge	2

3rd June 2010	Civic Reception for Niall Tóibín to honour his considerable contribution to the arts over the years.
18th June 2010	Civic Reception for the Cork Senior Football Team on winning the Allianz Football League Division 1 2010.
7th July 2010	Civic Reception to honour The Clipper Round the World Yacht Race Fleet.
27th August 2010	Civic Reception to honour Cllr. Dave McCarthy's 25 years service as a Public Representative.
15th December 2010	Civic Reception to honour the retirement of Commodore Frank Lynch, Flag Officer Commanding Naval Service.
21st December 2010	Civic Reception to honour the Cork Senior Football Team on winning the All Ireland Senior Football Final 2010.



3 Meitheamh 2010	Fáiltiú Cathartha do Niall Tóibín chun ómós a thabhairt dó as an gcion suntasach atá déanta aige ar son na n-ealaíon thar na blianta.
18 Meitheamh 2010	Fáiltiú Cathartha d'Fhoireann Peile Shinsearach Chorcaí ar bhuachan Roinn 1 de Shraithchomórtas Peile Allianz 2010.
7 Iúil 2010	Fáiltiú Cathartha chun ómós a thabhairt don Chabhlach Rása Luamh Timpeall an Domhain de chuid na gClipéar.
27 Lúnasa 2010	Fáiltiú Cathartha chun ómós a thabhairt don Chomhairleoir Dave McCarthy as seirbhís 25 bliain mar Ionadaí Poiblí.
15 Nollaig 2010	Fáiltiú Cathartha chun ómós a thabhairt don Cheannasóir Frank Lynch, Ceannasóir i gCeannas na Seirbhíse Cabhlaigh, ar ócáid a scoir.
21 Nollaig 2010	Fáiltiú Cathartha d'Fhoireann Peile Shinsearach Chorcaí ar bhuachan Chluiche Ceannais na hÉireann 2010.

The recipients of the Lord Mayor's Civic Awards 2010 were:

Bríd Houlihan
Brendan Dempsey
Phil Goodman
Regina Donnelly
Jimmy Crowley

The Freedom of the City was awarded to Peter Barry on the 11th June 2010

Expenses

Councillors – Conferences/Seminars €38,334.81
Councillors – Travel and subsistence within the State €85,703.90
Councillors – Travel and subsistence outside the State €9,092.16
Councillors – Annual Expense Allowance €209,460.51

Entertainment Expenses

Freedom of the City €25,774.61
Civic Receptions €11,358.29

Twinning Expenses

€145,060.95

Ba iad faighteoirí Dhámhachtainí Cathartha an Ardmhéara 2010:

Bríd Houlihan
Brendan Dempsey
Phil Goodman
Regina Donnelly
Jimmy Crowley

Dámhadh Saoirse na Cathrach don Uasal Peadar de Barra an 11 Meitheamh 2010

Speansais

Comhairleoirí – Comhdhálacha/Seimineáir €38,334.81
Comhairleoirí – Taisteal agus liúntas cothaithe sa Stát €85,703.90
Comhairleoirí – Taisteal agus liúntas cothaithe lasmuigh den Stát €9,092.16
Comhairleoirí – Liúntas Speansais Bliantúil €209,460.51

Speansais Costais Siamsaíochta

Saoirse na Cathrach €25,774.61
Fáiltithe Cathartha €11,358.29

Speansais Nascadh Bailte

€145,060.95

City Architect's Department



Roinn Ailtire na Cathrach

Baile Beag Community Childcare (Crèche at Ardbhaile, Mayfield)

On this project the City Architect's Department worked collectively with the Housing and Community Directorate, Cork City Childcare, Cork City Partnership and FÁS.

This Crèche facility is located in the Community Centre in Ardbhaile, Mayfield. The space for this much needed service was made available by the Housing and Community Directorate and the project was funded by Pobal.

A large meeting room and store area etc, with access to an external yard were re-designed to accommodate the brief provided. The level and quality of childcare provision in the area for one to three year old children required upgrading as determined by a needs analysis carried out by the interim committee of Baile Beag Community Childcare.

With limited funding available, it was very important that the best possible usage of the space provided was achieved, while still adhering to Preschool Regulations and Building and Safety Regulations. It opened for service in September 2010 and is functioning extremely well.

The fact that this meeting room was made available for a crèche conversion, a fundamental community facility has been made possible and the following services are now available in the area:

- The primary service for children is a daily group service for twelve children aged one to three from 9:00 am to 2:00 pm which addresses each child's holistic developmental needs. The service uses a Quality Early Years Programme that meets the requirements of Aistear, the Early Years Curriculum and Síolta, the National Quality Framework for Early Years.

- A service for parents, in partnership with NYP Mayfield, will provide support for the parents of the children attending the crèche. It will consist of both individual and group work as appropriate in developing parenting skills, and addressing some wider issues impacting on parenting capacity in order to support the development of the child.

Baile Beag Community Childcare Ltd. is managed by a committee that includes Cork City Council, Cork City Partnership, Cork City Childcare, FÁS, NYP, Community Garda representation and is supported by consultation with Barnardos. The Mercy Order, with an existing presence in the area, also supports the project.

Through funding from FÁS and Cork City Council (Community and Enterprise Directorate), a safety fence, canopy and a landscaped play area at the rear of the building are scheduled for completion by August 2011.

This project is the product of good teamwork where there was the enthusiasm and interest in fulfilling an essential requirement in the community.

Cúram Leanaí Pobail Bhaile Beag (Naíolann ag Ardbhaile, Baile na mBocht)

Ar an tionscadal seo d'oibrigh Roinn Ailtire na Cathrach in éineacht leis an Stiúrthóireacht Tithíochta agus Pobail, Cork City Childcare, Comhpháirtíocht Chathair Chorcaí agus FÁS.

Tá an tsaoráid naíolainne seo suite san Ionad Pobail san Ard Bhaile, Baile na mBocht. Chuir an Stiúrthóireacht Tithíochta agus Pobail an spás ar fáil don tionscadal seo lena bhfuil géarghá agus mhaoinigh Pobal an tionscadal.

Rinneadh seomra cruinnithe mór agus láthair stórála, srl, le rochtain ar chlós lasmuigh, a athdhearadh chun na treoracha ar tugadh dóibh a chomhlíonadh. Theastaigh feabhsú ar leibhéal agus ar chaighdeán an tsoláthair um chúram leanaí sa cheantar do leanaí ó aon bhliain go trí bliana d'aois de réir mar a socraíodh ó anailís ar riachtanais a rinne coiste eatramhach Baile Beag Community Childcare.

Toisc nach raibh ach maoiniú teoranta ar fáil, bhí sé tábhachtach go bhfuarthas an úsáid is fearr agus is féidir as an spás a soláthraíodh, agus Rialacháin Réamhscoile agus Rialacháin Foirgníochta agus Sábháilteachta á gcomhlíonadh san am céanna. Osclaíodh an tsaoráid le haghaidh seirbhíse i Meán Fómhair 2010 agus tá ag éirí go geal léi.





Ós rud é gur cuireadh an seomra cruinnithe seo ar fáil d'athchóiriú naíolainne, soláthraíodh saoráid phobail bhunúsach agus tá na seirbhísí a leanas ar fáil anois sa cheantar:

- Is í an tseirbhís phríomhúil do leanaí seirbhís ghrúpa laethúil é do dhá leanbh déag ó aon bhliain go trí bliana d'aois ó 9:00 r.n. go 2:00 i.n. lena dtugtar faoi riachtanais forbartha iomlánaíocha gach linbh. Baineann an tseirbhís úsáid as Clár Ardchaighdeáin na Luathbhlianta lena gcomhlíontar riachtanais Aistear, Curaclam na Luathbhlianta agus Síolta, an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta le haghaidh na Luathbhlianta.

- Soláthrófar tacaíocht do thuismitheoirí na leanaí atá ag freastal ar an naíolann trí sheirbhís do thuismitheoirí, i gcomhpháirtíocht le NYP Bhaile na mBocht. Cuimseofar obair aonair agus obair i ngrúpaí de réir mar is iomchuí chun scileanna tuistithe a fhorbairt, agus tabharfar faoi roinnt saincheisteanna níos leithne ag a bhfuil iarmhairt ar chumas tuistithe d'fhonn tacú le forbairt an linbh.

Tá Baile Beag Community Childcare á bhainistiú ag coiste lena n-áirítear Comhairle Cathrach Chorcaí, Comhpháirtíocht Chathair Chorcaí, Cork City Childcare, FÁS, NYP, ionadaíocht ó na Gardaí Pobail agus tugtar tacaíocht leis trí dhul i gcomhairle le Barnados. Tugann Ord na Trócaire, atá lonnaithe sa cheantar cheana féin, tacaíocht don tionscadal freisin.

Trí mhaoiniú ó FÁS agus ó Chomhairle Cathrach Chorcaí (An Stiúrthóireacht Pobail agus Fiontar), tá fál sábháilteachta, ceannbhrat agus láthair súgartha tírdhreachtaithe taobh thiar den fhoirgneamh beartaithe a bheith críochnaithe faoi Lúnasa 2011. Is toradh an tionscadal seo ar obair bhuíne mhaith nuair a bhí díograis agus spéis ann chun bunriachtanas an phobail a sholáthar.

City Courthouse and Cork Public Museum in Fitzgeralds Park

Following the flooding that occured in November 2009, City Architects were called in to assess the extent of damage caused to both Cork City and County Courthouse in Washington Street and Cork Public Museum in Fitzgerald's Park and to oversee repair works. The Courthouse was extensively refurbished in 2004 when it was necessary to lower the ground floor level of the building to make it universally accessible, with new entrances formed to both sides of the central portico and steps.

The floodwaters caused extensive damage to floors, walls & furniture throughout the lower ground floor level. Water seeped in around external doors, collecting in the prisoner transfer tunnel (this links the remand areas under the courtrooms), which acted like a sump, fortunately keeping the flood level in the building lower than it could have been.

A critical element of the works included vital flood protection measures, to ensure that the building is suitably prepared should floodwaters ever return.

The Public Museum in Fitzgerald's Park was similarly damaged by floodwater, with all the mosaic and timber floors, walls and skirtings affected. Luckily, very few exhibits were damaged as the elevated position of the building in the park meant that the extent of flooding within the building only reached a few inches in depth.

The drying out process in both buildings continued over several months and had to be very carefully managed, to avoid causing further damage, particularly to historic furniture and joinery.

Teach Cúirte na Cathrach agus Músaem Poiblí Chorcaí i bPáirc Mhic Gearailt

Tar éis na dtuilte a tharla i Samhain 2009, iarradh ar Ailtirí na Cathrach measúnú a dhéanamh ar mhéid an damáiste a rinneadh do Theach Cúirte Chathair & Chontae Chorcaí i Sráid Washington agus do Mhúsaem Poiblí Chorcaí i bPáirc Mhic Gearailt araon agus chun maoirseacht a dhéanamh ar oibreacha deisiúcháin.

Rinneadh an Teach Cúirte a athchóiriú go fairsing i 2004 nuair a bhí sé riachtanach leibhéal bunurláir an fhoirgnimh a ísliú chun rochtain uilíoch a sholáthar air, agus bealaí isteach nua á gcruthú ar dhá thaobh na póirseáide láir agus na gcéimeanna.

De bharr na dtuilte, rinneadh damáiste fairsing do na hurláir, ballaí & troscán ar fud leibhéal an bhunurláir íochtaraigh. D'úsc uisce isteach timpeall ar na doirse seachtracha, agus é ag bailiú i dtollán aistrithe na bpríosúnach (lena nasctar na limistéir athchuir faoi sheomraí na cúirte), a ghníomhaigh mar shumpa, rud a choinnigh leibhéal na dtuilte san fhoirgneamh níos ísle na mar a d'fhéadfadh sé a bheith.

Ghné chriticiúil de na hoibreacha ba ea bearta ríthábhachtacha um chosaint ar thuilte, chun a chinntiú go mbeadh an foirgneamh ullmhaithe i gceart dá mbeadh tuilte ann arís.

Mar an gcéanna, rinneadh damáiste de bharr na dtuilte don Mhúsaem Poiblí i bPáirc Mhic Gearailt, go mór mór do na hurláir mhósáiceacha agus adhmaid, do na ballaí agus do na cláir sciorta.

Ar an dea-uair, ní dhearnadh damáiste do mhórán de na taispeántáin, ós rud é nár bhain leibhéal na dtuilte laistigh den fhoirgneamh ach cúpla orlach ar doimhneacht mar gheall ar shuíomh ardaithe an fhoirgnimh sa pháirc.

Leanadh leis an bpróiseas triomaithe sa dá fhoirgneamh thar roinnt míonna agus bhí gá le bainistíocht chúramach air, chun a thuilleadh damáiste a sheachaint, go háirithe do throscán agus do shiúinéireacht stairiúil.

Community and Enterprise



Pobal agus Fiontar

Cork Clipper Festival

The Clipper Round the World Yacht Race is the brainchild of legendary sailor, Sir Robin Knox-Johnson, the first man to sail alone and non-stop around the world. Clipper Round the World Yacht Race is the only global event raced by people from all walks of life; anyone can take part and no experience is necessary.

In 2010 the Race consisted of a 10 month long 34,000 mile course that started from England to France before crossing to Brazil, South Africa, Australia, Singapore, China, California, Panama, Jamaica, New York, Cape Breton Island and arriving in Kinsale and Cork in July 2010. On Wednesday 9th July the fleet moved to Cork City Marina at the Port of Cork. The festivities in Kinsale and Cork consisted of 50 market stalls, free events and over 200 live performers with something to suit all ages and tastes.

Cork City Council funded the Festival which ran from Wednesday 9th July to Friday 11th July. Upwards of 10,000 people turned out on a beautiful Wednesday evening to welcome the colourful fleet to the new Cork Marina provided by the Port of Cork. A local organising committee led by the City Council and chaired by the Director of Community & Enterprise, Jim O'Donovan, employed personnel to organise festivities and handle all the logistics of Safety Plans, Traffic Management and performers including Crystal Swing who confirmed their popularity by drawing a big crowd on a damp Thursday evening.

The Cork Clipper project was funded by Fáilte Ireland, Cork City Council and Cork County Council with the principal objective of promoting Cork as a tourism and business destination around the world.

RAPID

(Regenerating Areas through Planning, Investment and Development)

The City Council employs RAPID Coordinators who work with Area Implementation Teams and promote inter-agency work. RAPID is made up of a range of agencies and representatives of local communities. Through RAPID the City Council has been very active in supporting various projects including M.U.G.A.S, Community Safety Forums and environmental improvements.

"Communities in Focus", a publication launched in late 2010, is a first for Cork's RAPID areas and acknowledges and celebrates the contribution of those agencies, individuals and communities. It is a pictorial celebration featuring projects under the seven themes.

Féile na gClipéar i gCorcaigh

Ba é an mairnéalach cáiliúil, an Ridire Robin Knox-Johnson, an chéad fhear a sheol timpeall an domhain ina aonar agus gan stad, a smaoinigh ar Rás Luamh Timpeall an Domhain na gClipéar a chur ar bun. Is é Rás Luamh Timpeall an Domhain na gClipéar an t-aon imeacht domhanda ina ndéanann daoine ó gach slí bheatha rás i gcoinne a chéile; is féidir le haon duine páirt a ghlacadh ann agus níl aon taithí riachtanach.

I 2010 bhí cúrsa 34,000 míle ar feadh 10 mí sa rás a thosaigh ó Shasana chuig an bhFrainc sular imigh sé thall go dtí an Bhrasaíl, an Afraic Theas, an Astráil, Singeapór, an tSín, California, Panama, Iamáice, Nua-Eabhrac, Oileán Rinn na Briotáine agus bhain sé Cionn tSáile agus Corcaigh amach i mí Iúil 2010. Ar an gCéadaoin 9 Iúil bhog an cabhlach chuig Muiríne Chathair Chorcaí ag Port Chorcaí. I measc na siamsaíochta i gCionn tSáile agus i gCorcaigh bhí 50 stalla margaidh, imeachtaí saor in aisce agus níos mó ná 200 taibheoir beo agus rud ann do gach aois agus do gach toighis.

Mhaoinigh Comhairle Cathrach Chorcaí an fhéile a bhí ar siúl ón gCéadaoin 9ú Iúil go dtí an Aoine 11ú Iúil. Tháinig suas le 10,000 duine amach tráthnóna Céadaoin álainn chun fáilte a chur roimh an gcabhlach ildaite chuig Muiríne Chorcaí nua a sholáthair Port Chorcaí. D'fhostaigh coiste eagrúcháin áitiúil, a bhí faoi stiúir na Comhairle Cathrach agus a raibh Jim O'Donovan, Stiúrthóir Pobail agus Fiontar, ina chathaoirleach air, pearsanra chun siamsaíocht a eagrú agus chun lóistíocht na bPleananna Sábháilteachta, Bainistíocht Tráchta agus na dtaibheoirí a láimhseáil. I measc na dtaibheoirí bhí Crystal Swing, a mheall slua mhór tráthnóna fliuch ar an Déardaoin rud a chruthaigh go bhfuil an-tóir orthu.

Mhaoinigh Fáilte Éireann, Comhairle Cathrach Chorcaí agus Comhairle Contae Chorcaí tionscadal Chorcaí na gClipéar ar mhaithe le Corcaigh a chur chun cinn mar cheann scríbe turasóireachta agus gnó timpeall an domhain.

RAPID
(Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt)

Fostaíonn an Chomhairle Cathrach Comhordaitheoirí RAPID a oibríonn leis na Foirne Feidhmiúcháin Ceantair agus a chuireann an obair idirghníomhaireachta chun cinn. Airítear ar RAPID raon gníomhaireachtaí agus ionadaithe ó na pobail áitiúla. Tríd an gclár RAPID bhí an Chomhairle Cathrach an-ghníomhach maidir le tacú le tionscadail éagsúla idir MUGAS, Fóraim um Shábháilteacht an Phobail agus fheabhsuithe comhshaoil. Is rud nuálach é "Communities in Focus", foilseachán a seoladh ag deireadh 2010 do cheantair RAPID Chorcaí agus tá sé beartaithe an cion a dhéanann na gníomhaireachtaí, daoine aonair agus pobail a shainaithint agus a cheiliúradh ann. Is ceiliúradh pictiúrtha é a bhfuil tionscadail faoi gach ceann de na seacht dtéama mar ghnéithe ann.

Sábháilteacht an Phobail agus Comhchoiste Póilíneachta Chathair Chorcaí

Bíonn imní ar go leor pobal faoi cheisteanna a bhaineann le sábháilteacht an phobail, loitiméireacht, mí-ord poiblí, drugaí, ól faoi bhun aoise srl agus bhí siad ina dtéamaí lárnacha den chlár RAPID.

Bunaíodh fóraim um shábháilteacht an phobail i dtosach sna ceithre cheantar RAPID sa chathair agus is é atá iontu ná sraith cruinnithe poiblí ar a bhfuil cathaoirleach neamhspleách, agus Gardaí áitiúla agus oifigigh na Comhairle Cathrach ag freastal orthu.

Déantar ábhair imní a ardú agus a phlé agus déanann aonaid um Shábháilteacht an Phobail de na Gardaí Pobail, Tithíocht na Comhairle Cathrach agus foireann Roinn na bPáirceanna agus na comhordaitheoirí RAPID bearta de bhreis orthu . Nuair is gá iarrtar cúnamh ó ranna eile na Comhairle Cathrach nó ó ghníomhaireachtaí poiblí eile.

Community Safety and the Cork City Joint Policing Committee

The issues of community safety, vandalism, public disorder, drug taking, under-age drinking etc. cause concern in many communities and has been one of the central themes of the RAPID programme.
Community safety forums were initially set up in the four RAPID areas in the city and are made up of a series of public meetings with an independent chair, attended by local Gardaí and City Council officials.

Issues of concern are raised and discussed and followed up by the Community Safety units of Community Gardai, City Council Housing and Parks Department staff and the RAPID coordinators. Where necessary other departments of the City Council or other public agencies are asked to assist.

Progress on addressing issues is reported on at subsequent Community Safety Forum meetings. Reports from the community safety forums are given at the meetings of the Joint Policing Committee where issues of a strategic, policy or national concern can be addressed.

In addition various areas of the city have neighbourhood watch groups or other local initiatives.

During 2010 it was decided to set up a District Management Committee for each of the four Garda Districts in the city.
These management Committees will support the work of all the local community initiatives and business interests. An initial meeting of a city centre forum has taken place.

Substantial progress has been made in setting up local community safety forums which enable local people to raise their concerns and have them addressed together with a route through the Joint Policing Committee to raise issues at national level where needed. The Community and Enterprise Directorate has been actively involved in administering the Joint Policing Committee and in supporting the local community projects.

Community Development Grant Application List 2010

Group	Amount €
Ógra Chorcaí	53000
Farranree Summer Play-scheme	7000
Ballinlough Community Association	10000
Ballyphehane Community Association	11000
Bishopstown Community Association	15000
Blackpool Community Co-Operative Services Centre Ltd.,	15000
Blackrock Community Association	10000
Blarney Street & Surrounding Areas Community Association	5000
Canon Horgan Youth Centre (incorporating Ballinlough Senior, Inter & Junior Youth Clubs)	11000
Churchfield & Gurranabraher	5000
Douglas Community Association	10000
Douglas Senior Group	1500
Farranree Community Association	7500
Lough Community Association	3000
Mahon Community Association	15000
Middle Parish	12000
Shandon Area Renewal	1500
South Parish Community Association	10000
St Joseph's (Mayfield) Community Association	2500
Togher Community Association	10000
Turners Cross Community Association	2500
Total	**237,500**

Déantar dul chun cinn ar thabhairt faoi shaincheisteanna a thuairisciú ag cruinnithe an Fhóraim um Shábháilteacht an Phobail ina dhiaidh sin. Tugtar tuarascálacha ó na fóraim um shábháilteacht an phobail ag cruinnithe an Chomhchoiste Póilíneachta nuair is féidir tabhairt faoi shaincheisteanna lena mbaineann cúram straitéiseach, beartais nó náisiúnta.

Ina theannta sin tá grúpaí faire comharsanachta nó tionscnaimh eile ag ceantair éagsúla na cathrach.

Le linn 2010 socraíodh Coiste Bainistíochta Ceantair a bhunú do gach ceann de cheithre Cheantar an Gharda Síochána sa chathair.

Tabharfaidh na Coistí bainistíochta seo tacaíocht d'obair na dtionscnamh pobail áitiúil agus na leasanna gnó. Bhí cruinniú tosaigh fhóram lár na cathrach ar siúl cheana féin.

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le fóraim áitiúla um Shábháilteacht an phobail a bhunú trína gcuirtear ar chumas daoine áitiúla a gcuid ábhair imní a ardú agus a phlé agus a sholáthraíonn bealach tríd an gComhchoiste Póilíneachta chun saincheisteanna a ardú ar leibhéal náisiúnta nuair is gá. Bhí baint ghníomhach ag an Stiúrthóireacht Pobail agus Fiontar le riarachán an Chomhchoiste Póilíneachta agus le tacaíocht a thabhairt do thionscadail phobail áitiúla.

Liosta na nIarratas ar Dheontais Forbartha Pobail 2010

Grúpa	**Méid €**
Ógra Chorcaí	53000
Scéim Súgartha Samhraidh Fhearann an Rí	7000
Cumann Pobail Bhaile an Locha	10000
Cumann Pobail Bhaile Féitheán	11000
Cumann Pobail Bhaile an Easpaig	15000
Ionad Seirbhísí Comharchumainn Phobal na Linne Duibhe Teo.,	15000
Cumann Pobail na Carraige Duibhe	10000
Cumann Pobail Shráid na Blarnan & na gCeantar Máguaird	5000
Ionad Óige an Chanónaigh Uí Argain (lena gcorpraítear Clubanna Óige Sinsearacha, Idirmheánacha agus Sóisearacha Bhaile an Locha)	11000
Páirc na hEaglaise & Garrán na mBráthar5000Cumann Pobail na Dúghlaise	10000
Grúpa Sinsearach na Dúghlaise	1500
Cumann Pobail Fhearann an Rí	7500
Cumann Pobail an Locha	3000
Cumann Pobail Mhachan	15000
An Paróiste Láir12000Athnuachan Cheantar an tSeandúin	1500
Cumann Pobail an Pharóiste Theas	10000
Cumann Pobail Naomh Seosamh (Baile na mBocht)	2500
Cumann Pobail an Tóchair	10000
Cumann Pobail Chrios an Tornóra	2500
Iomlán	**237,500**

Corporate Affairs

Gnóthaí Corparáideacha

Freedom of the City

At a meeting of Cork City Council held in the Council Chamber, City Hall, Cork on 26th April, 2010 The Lord Mayor, Councillor Dara Murphy's proposal below was approved by the Council:

"That the Freedom of the City of Cork be conferred on Mr. Peter Barry for his lifelong dedication to the service of the citizens of Cork and of Ireland, for his business acumen and philanthropic endeavours, for his statesmanlike representation of Ireland on the International stage and for his steadfast commitment to achieving a peaceful and equitable solution in the North of Ireland through negotiative processes".

The Freedom of the City was conferred on Mr. Peter Barry at a special ceremony in City Hall, Cork on Friday, 11th June, 2010.

The Lord Mayor's Civic Awards 2010

At a special ceremony held in City Hall, Cork on the 7th April 2010 the Lord Mayor of Cork, Councillor Dara Murphy presented the Lord Mayor's Civic Awards and the Lord Mayor's Community & Voluntary Awards 2010.

The five recipients of the Lord Mayor's Civic Awards were:

Regina Donnelly "In recognition of her exceptional commitment and dedication to the support of Marymount Hospice"

Phil Goodman "In recognition of her immense contribution and dedication to her local community"

Bríd Houlihan "In recognition of her immense contribution and dedication to her local community"

Brendan Dempsey "In recognition of his exceptional commitment and dedication to charity"

Jimmy Crowley "In recognition of his outstanding contribution and dedication to music and to Cork's musical heritage."

Celebrations for Cork Footballers in Honour of their All-Ireland Victory in 2010

The victorious Cork Senior Football team arrived back in Cork on the evening of Monday September 20th to a crowd of more than 15,000 fans who lined the South Mall and Parnell Place for the homecoming event. The event was also streamed live on the Cork City Council website.

Following the homecoming celebrations, the City Council and the Lord Mayor of Cork Cllr Michael O'Connell hosted a civic reception on Tuesday 21st December 2010 to honour the victorious 2010 Cork Senior Football team.

The Lord Mayor congratulated the team on their All Ireland win in September. "It's a great honour for me to welcome you here this evening to celebrate a fantastic year for Cork football. Some people wait a lifetime to be honoured with a civic reception. This is the second time this year we have had reason to congratulate you".

He also congratulated the various people involved in the background with the team including the Cork County Board.
"I congratulate all of your trainers, selectors and anyone who had any part in your team's preparations. I congratulate your respective county boards for creating the environment for your team to prosper".

Saoirse na Cathrach

Ag cruinniú Chomhairle Cathrach Chorcaí a bhí ar siúl i Seomra na Comhairle, Halla na Cathrach, Corcaigh an 26 Aibreán, 2010 d'fhaomh an Chomhairle an moladh seo a leanas ón Ardmhéara, An Comhairleoir Dara Murphy:

"Go mbronnfar Saoirse Chathair Chorcaí ar An tUas. Peadar De Barra.

As a dhíograis fadsaoil do sheirbhís shaoránaigh Chorcaí agus na hÉireann, as a ghrinneas gnó agus a dhianiarrachtaí daonchairdiúla, as a chuid ionadaíochta mar státaire na hÉireann ar an stáitse Idirnáisiúnta agus as a dhílseacht bhuanseasmhach i dtreo réiteach síochánta agus cothrom a bhaint amach i dTuaisceart na hÉireann trí mheán próiseas idirbheartaíochta."

Bronnadh Saoirse na Cathrach ar an Uasal Peter Barry ag searmanas speisialta i Halla na Cathrach, Corcaigh ar an Aoine 11 Meitheamh, 2010.

Dámhachtainí Cathartha an Ardmhéara 2010

Ag searmanas speisialta a reáchtáladh i Halla na Cathrach, Corcaigh ar an 7 Aibreán 2010, bhronn Ardmhéara Chorcaí, an Comhairleoir Dara Murphy, Dámhachtainí Cathartha an Ardmhéara agus Dámhachtainí Pobail & Deonacha an Ardmhéara 2010.

Is iad an cúigear a fuair Dámhachtainí Cathartha an Ardmhéara ná:

Regina Donnelly "mar chomhartha aitheantais dá sárthiomantas agus dá díograis maidir le tacaíocht a thabhairt d'Ospís Marymount"

Phil Goodman "mar chomhartha aitheantais dá díograis agus don méid ollmhór a rinne sí ar son a pobail áitiúil"

Bríd Houlihan "mar chomhartha aitheantais dá díograis agus don méid ollmhór a rinne sí ar son a pobail áitiúil"

Brendan Dempsey "mar chomhartha aitheantais dá shárthiomantas agus dá dhíograis don charthanacht"

Jimmy Crowley "Mar aitheantas don éacht atá déanta aige maidir le ceol agus le hoidhreacht cheoil Chorcaí agus dá dhíograis maidir leo."

Ceiliúradh in onóir bua Pheileadóirí Chorcaí nuair a thug siad Craobh na hÉireann leo i 2010

Nuair a d'fhill foireann peile shinsearach Chorcaí ar an gcathair agus craobh na hÉireann leo tráthnóna Dé Luain 20 Meán Fómhair bhí breis agus 15,000 dá lucht leanúna sa Mheal Theas agus i bPlás Parnell le fáilte abhaile a chur rompu.

Craoladh an ócáid beo ar shuíomh Gréasáin Chomhairle Cathrach Chorcaí freisin.

Nuair a bhí an ceiliúradh thart agus fáilte abhaile curtha roimh an bhFoireann peile shinsearach bhuacach, chuir Comhairle Cathrach agus Ard-mhéara Chorcaí, an Comhairleoir Mícheál Ó Conaill, fáilte cathartha rompu Dé Máirt 21 Nollag 2010.

Rinne an tArdmhéara comhghairdeas leis an bhfoireann as craobh na hÉireann a bhreith leo i mí Mheán Fómhair. "Is mór an onóir domsa fáilte a chur romhaibh an tráthnóna seo chun ceiliúradh a dhéanamh ar an mbliain iontach peile a bhí ag Corcaigh. Caitheann roinnt daoine a saol go léir ag fanacht go dtabharfar fáiltiú cathartha dóibh. Is é seo an dara huair i mbliana a bhfuil cúis againn comhghairdeas a dhéanamh libh".

Thréaslaigh sé freisin do Bhord Contae Chorcaí agus do na daoine éagsúla a bhfuil obair á déanamh acu i ngan fhios don saol ar mhaithe leis an bhfoireann.

"Déanaim comhghairdeas le bhur n-oiliúnóirí, bhur roghnóirí agus le gach aon duine a raibh páirt ar bith acu in ullmhúcháin na foirne. Tréaslaím do bhur mboird contae as an timpeallacht a chruthú ina bhféadfadh bláth a bheith ar bhur bhfoireann".

Docklands

Na Duganna

Introduction

The redevelopment of Cork Docklands is a key project for the city and is seen as a key factor in the growth of Metropolitan Cork and the Cork Gateway.
As such the regeneration project is one of the core elements contained in the Cork Area Strategic Plan (C.A.S.P.) and the Cork City Development Plan 2009-2015.

The following key areas formed the main focus of activity by the Docklands Directorate in 2010:

Design of the Public Realm

Landscape Architects and supporting consultants were sought in 2009 for the design of the public realm/public spaces in Docklands. Mitchell & Associates leading a multi disciplinary design team were selected in early 2010 and commenced work on the detailed designs for the full extent of the public realm within the North and South Docks areas including detailed designs of streetscapes, pocket parks, neighbourhood parks and linear parks, plazas, 2.5km of quayside amenity area, water features and cycleways/pedestrian routes. It is intended to complete the design process in early 2011.

Procurement of Consultants for the Design of Marina Park

The procurement process for Landscape Architects and other supporting consultants to design some 30 ha of amenity lands at the Marina was commenced in 2010 with 6 groups of consultants being shortlisted in December of that year. It is intended to interview and complete the procurement process in early 2011. The services required will involve the preparation of a world class design of Marina Park, which involves the consolidation and extension of existing lands surrounding the Atlantic Pond and stretching from Centre Park Road to Blackrock village.

Planning Applications

Significant Dockland's planning applications received in 2010 include:

- A 10 year planning permission for the redevelopment of the Topaz oil storage and distribution facility on Centre Park Road into a significant mixed use scheme to include retail, office, medical and ancillary facilities.
  The redevelopment of the site involves the removal of the existing Seveso use which is an important step in the redevelopment process in the South Docks.

- The redevelopment of the former Ford Factory/Marina Commercial Park including the development of in excess of 330,000 sq.m. of floor space with 880 apartments as well as offices, an hotel, the northern section of the planned Centre Park District Centre, various community infrastructure such as a library and a cultural community centre and the redevelopment of the former Tractor Factory as the Ford Experience Visitor Centre.

- The development of an Events Centre to allow for concerts, conferences, sporting and leisure events and trade shows at a site at Navigation House and the adjoining warehouse building at Albert Quay East.

Website

Further information on the progress of the above projects can be obtained from the website:

www.corkcity.ie/docklands

Réamhrá

Príomhthionscadal don chathair is ea athfhorbairt Dhuganna Chorcaí agus is gné lárnach i bhforbairt Chathair agus Thairseach Chorcaí í. Mar sin, tá an tionscadal athnuachana seo ar cheann de na gnéithe lárnacha atá i bPlean Straitéiseach Cheantar Chorcaí (PSCC) agus i bPlean Forbartha Chathair Chorcaí 2009-2015.

Is ar na príomhréimsí seo a leanas a dhírigh Stiúrthóireacht na nDuganna a cuid gníomhaíochta i 2010:

Dearadh an Limistéir Phoiblí

Lorgaíodh Ailtirí Tírdhreacha agus sainchomhairleoirí tacaíochta i 2009 chun spásanna poiblí an limistéir phoiblí sna Duganna a dhearadh. Roghnaíodh Mitchell & Associates agus iad i gceannas ar fhoireann deartha ildisciplíneach go luath i 2010 agus cuireadh tús le dearaí mionsonraithe a tharraingt do gach áit a mbeidh baint ag an bpobal leo i limistéir na nDuganna Thuaidh agus na nDuganna Theas lena n-áirítear dearaí mionsonraithe i leith na ngnéithe seo a leanas; sráid-dreacha, páirceanna beaga, páirceanna comharsanachta agus páirceanna líneacha, pláis, 2.5km de láthair chonláiste cois cé, gnéithe uisce agus rotharbhealaí agus bealaí do choisithe. Tá sé i gceist bailchríoch a chur ar an bpróiseas deartha go luath i 2011.

Sainchomhairleoirí a fháil chun Páirc na Muiríne a dhearadh

Cuireadh tús i Nollaig na bliana 2010 leis an bpróiseas maidir le hAiltirí Tírdhreacha agus sainchomhairleoirí tacaíochta eile a cheapadh chun thart faoi 30 heicteár de thailte conláiste a dhearadh ag an Muiríne, agus cuireadh 6 ghrúpa sainchomhairleoirí ar an ngearrliosta. Tá sé beartaithe iad a chur faoi agallamh agus an próiseas a thabhairt chun críche go luath i 2011.
Ar na seirbhísí a bheidh le soláthar acu beidh dearadh de scoth an domhain a ullmhú i gcomhair Pháirc an Mhuiríne. Beidh sé riachtanach chuige sin comhdhlúthú a dhéanamh ar na tailte atá thart timpeall ar Linn an Atlantaigh agus síneadh a chur leo ó Bhóthar na Páirce Láir go sráidbhaile na Carraige Duibhe.

Iarratais Phleanála

Ar an hiarratais shuntasacha phleanála a fuarthas maidir leis na Duganna i 2010 bhí:

- Iarratas ar chead pleanála chun athfhorbairt 10 mbliana a dhéanamh ar shaoráid stórála agus dáileacháin ola Topaz ar Bhóthar na Páirce Láir chun scéim shuntasach ilchineálach a dhéanamh de ina mbeadh saoráidí miondíola, oifigí agus míochaine mar aon le saoráidí coimhdeacha. Tá sé i gceist go gcuirfidh an fhorbairt deireadh leis an úsáid Seveso a bhaineann leis an áit faoi láthair agus gur gné thábhachtach de phróiseas forbartha na nDuganna Theas a bheidh ann.

- Tá sé i gceist le hathfhorbairt Pháirc Tráchtála Sheanmhonarca Ford agus na Muiríne go bhforbrófar 330,000 méadar cearnach de spás urláir ina mbeidh 880 árasán chomh maith le hoifigí, óstán, an chuid thuaidh de Lárionad Ceantair na Páirce Láir atá beartaithe, bonneagar pobail de chineálacha éagsúla, mar leabharlann agus ionad pobail cultúrtha agus athfhorbairt Sheanmhonarca na dTarracóirí mar Ionad Cuairteoirí um Eispéireas Ford.

- Forbairt Ionad Imeachtaí le haghaidh ceolchoirmeacha, comhdhálacha, imeachtaí spóirt agus fóillíochta agus seónna trádála ar shuíomh ag Navigation House agus ag an trádstóras taobh leis ar Ché Ailbhe Thoir.

Suíomh Gréasáin

Is féidir breis eolais a fháil ar dhul chun cinn na dtionscadal thuas ón suíomh Gréasáin:

http://www.corkcity.ie/docklands

Environment

Comhshaol

Water Services

Increased Water Demand

During the winter months the demand for water increased to exceed capacity due to the extremely cold weather conditions. The cold weather during these periods resulted in substantial water loss from bursts in public mains and in private systems. The problem was made worse by increased private consumption.

It is likely that this was due to consumers running taps in an effort to prevent pipes from freezing. To deal with the increased demand, restrictions were implemented. These restrictions were relaxed when the freezing conditions subsided.

Flood Defence Measures

Additional flood defence measures were undertaken at the Lee Road Water Treatment Plant following the November 2009 flood. These include improved site defences, the installation of new pumping equipment and the raising of electrical and other specialized equipment.

The works were completed in the early months of 2010 and were supported by funds from the Department of the Environment Heritage and Local Government.

Capital Projects

During 2010 the Council also advanced two important capital projects relating to water supply in the City. The first project envisages the actual replacement/ upgrading of the plant itself.

This proposal has been the subject of a flood risk assessment in order to ensure that proposed works would be fully secure in the context of extreme flood events.

The second scheme envisages the establishment of a link between the water supplies from the Lee Road and Inniscarra Water Treatment Plants.

In establishing such a link the areas served by these two major schemes would benefit from additional mains supply back up in the event of any future supply interruptions.

Seirbhísí Uisce

Breis Éilimh ar Uisce

Le linn mhíonna an gheimhridh tháinig mhéadú ar an éileamh ar uisce mar gheall ar an aimsir an-fhuar agus sáraigh an t-éilimh an soláthar. Ba í an aimsir fhuar i rith na dtréimhsí sin ba chúis le caillteanas mór uisce toisc gur phléasc píobáin sa phríomhlíonra agus i gcórais phríobháideacha. Cuireadh go mór leis an bhfadhb nuair a thosaigh daoine príobháideacha ag tomhailt níos mó uisce.

Is dócha gur tharla sé sin toisc gur fhág siad sconnaí oscailte chun nach reofaí an t-uisce ina bpíopaí. Cuireadh srianta i bhfeidhm le déileáil leis an éileamh méadaithe. Cuireadh deireadh leis na srianta sin nuair a bhí an sioc thart.

Bearta Cosanta in aghaidh Tuilte

Cuireadh bearta cosanta breise in aghaidh tuilte i bhfeidhm ag Ionad Cóireála Uisce Bhóthar na Laoi i ndiaidh thuilte na Samhna 2009. Ina measc siúd bhí cosaintí feabhsaithe ar an suíomh, suiteáil trealaimh chaidéalaithe nua agus ardú an trealaimh leictrigh agus an fhearais speisialaithe eile. Críochnaíodh na hoibreacha i míonna luatha na bliana 2010 agus cuireadh cistí ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar fáil don obair.

Tionscadail Chaipitil

Chuir an Chomhairle dhá thionscadal thábhachtacha a bhaineann le soláthar uisce na Cathrach chun cinn i rith 2010 freisin. Is éard atá i gceist leis an gcéad tionscadal ná uasghrádú an ghléasra féin nó gléasra nua a chur ina áit. Rinneadh measúnú ar an togra seo ó thaobh baol tuilte de d'fhonn a chinntiú go mbeadh na hoibreacha beartaithe slán dá mbeadh tuilte an-mhór ar fad ann.

Ba é a bhí i gceist leis an dara scéim ná nasc a chruthú idir soláthairtí uisce ó Bhóthar na Laoi agus Ionaid Chóireála Uisce Inis Cara.

Dá gcuirfí a leithéid de nasc ar fáil rachadh sé chun tairbhe an dá scéim mhóra sin toisc go mbeadh soláthar príomhlíonra sa bhreis ar fáil dá gclisfeadh ar an soláthar aon uair amach anseo.

Oibríochtaí Dramhaíola

Oibríochtaí Dramhaíola:

Cuireadh maoiniú ar fáil do Chumainn Chónaitheoirí agus Phobail i gcomhair tionscnamh in aghaidh an bhruscair. Chabhraigh ceannach trealaimh amhail lomairí faiche, ciumhaisirí, scuaba, srl. leis na cumainn sin chun feabhas a chur ar an gcuma atá ar a gceantair.

Waste Operations

Waste Operations

Funding was provided to community and residents associations for anti litter initiatives. Purchases of equipment such as lawnmowers, strimmers, brushes, etc helped these associations to improve the appearance of their areas.

Bulky Goods Collections

Bulky goods collection from householders took place in each ward during September. Collections were also arranged in conjunction with Knocknaheeny/ Hollyhill Environmental Forum during December.

Waste Collection

A rationalisation in the arrangements for waste collection was completed during the year. This has lead to a reduction in the cost of waste collection.

Waste Management

Landfill Site Kinsale Road

Contract 10 which commenced in June 2010 enables the provision of a specified engineering cap over 90,000 m 2 of the areas recently landfilled in the active area of the site. The estimated completion date for this contract is October 2011.

Lifetime Lab

The annual water open day was selected in December 2010 as the "best interactive event" from over 1,300 national events ran during National Heritage Week 2010.

The Lifetime Lab became the first accredited Eco Centre in Ireland in August 2010. Eco centres are designated to encourage and acknowledge whole centre action by making environmental awareness and action an intrinsic part of the life and ethos of a centre for all its staff and visitors.

Green Flags Award

There are 57 schools in Cork City registered to the Green Schools Campaign. 31 of these schools have at least one flag with a total of 42 flags awarded in the city.

There were 3 Environmental Strategic Policy committee meetings held in 2010. Items which were considered included:

- Annual Recycling Report
- Waste Management (Household Foods Waste Collection) Regulations 2010
- Life Time Lab Annual Report
- DOEHLG Draft Statement of Waste Policy

Bailiúcháin Earraí Toirtiúla:

Bailíodh earraí toirtiúla ó líonta tí i ngach barda sa chathair i mí Mheán Fómhair. Eagraíodh bailiúcháin i gcomhar le Fóram Comhshaoil Chnoc na hAoine agus Chnoc an Chuilinn i rith mhí na Nollag.

Bailiú Dramhaíola:

Rinneadh cuíchóiriú i rith na bliana ar chuíchóiriú na socruithe maidir le bailiú dramhaíola. Rinneadh laghdú ar an gcostas bailithe dramhaíola dá bharr sin.

Bainistiú Dramhaíola

Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile:
Tá foráil i gConradh 10 ar cuireadh tús leis i Meitheamh 2010 go gcuirfear srian sonraithe innealtóireachta le breis agus 90,000 méadar cearnach de na limistéir sin a ndearnadh líonadh talún iontu le déanaí. Meastar go gcríochnófar an conradh seo i nDeireadh Fómhair 2011.

An tSaotharlann Saolré:

I mí na Nollag 2010 roghnaíodh an lá oscailte uisce bliantúil mar "an t-imeacht idirghníomhach is fearr" i measc níos mó ná 1,300 imeacht náisiúnta a bhí ar siúl le linn Sheachtain Oidhreachta Náisiúnta 2010.

Rinneadh an chéad Ionad Éiceolaíochta creidiúnaithe in Éirinn den tSaotharlann Saolré i mí Lúnasa 2010. Ainmnítear Ionaid Éiceolaíochta chun aitheantas agus spreagadh a thabhairt do bhearta an aonaid go léir trí bhearta agus feasacht chomhshaoil a bheith ina ndlúthchuid de shaol agus d'éiteas an ionaid agus dá mball foirne agus dá gcuairteoirí go léir.

Dámhachtain na mBrat Glas:

Tá 57 scoil i gCathair Chorcaí cláraithe mar bhaill d'Fheachtas na Scoileanna Glasa. Bronnadh 42 brat san iomlán ar scoileanna sa chathair agus tá brat amháin ar a laghad ag 31 scoil de na scoileanna sin.

Reáchtáladh 3 chruinniú de chuid an Choiste um Beartais Straitéiseacha don Chomhshaol i 2010. Ar na rudaí a ndearnadh plé orthu bhí:

- Tuarascáil Bhliantúil Athchúrsála
- Rialacháin 2010 um Bainistiú Dramhaíola (Bailiú Dramhaíola Bia Teaghlaigh)
- Tuarascáil Bhliantúil na Saotharlainne Saolré
- Dréachtráiteas na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil faoi Bheartas Dramhaíola

Housing and Community

Tithíocht agus Pobal

Cork City Council provides accommodation for different community services throughout the city. Included have been facilities for family support services and childcare provision.

In recent years, family support facilities were provided in Orchard View and Cushing Road. Community childcare buildings were constructed or funded in Lus na Meala, Glenfields, Cushing Road, Ardmore Avenue, and Maglin Grove.

Provision for different age groups in the North Eastern suburbs of the city opened for service in 2010 – Baile Beag Crèche, in Mayfield (See Architects' Section) and Cork Steiner Kindergarten Preschool in The Glen.

Glentrasna – Cork Steiner Kindergarten

Tá conraitheoir ceaptha chun athchré shaorga a chur thar 90000m2 breise den chuid den líonadh talún atá in úsáid. Meastar go gcuirfear an tionscadal seo i gcrích i ndeireadh 2011.

Tá conarthaí éagsúla curtha i bhfeidhm maidir le haistriú agus cóireáil na ndramhaíolacha éagsúla a bhailíonn an Chomhairle roimh dhiúscairt an chodáin iarmharaigh ag Líonadh Talún Chomhairle Contae Chorcaí ag Eochaill. D'eisigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil cinneadh atá beartaithe maidir le hathbhreithniú ar cheadúnas dramhaíola le haghaidh Shaoráidí Bhóthar Chionn tSáile i mí na Nollag 2010. Tá achomharc á dhéanamh ag an gComhairle ar roinnt de na coinníollacha.

Thug líon mór cuairteoirí cuairt ar an tSaotharlann Saolré (19,000 duine sa bhliain) chun súil a chaitheamh ar na Cláir agus na hImeachtaí éagsúla a bhí á soláthar.

Thug an Ghníomhaireacht Fuinnimh go leor cúnaimh chun lorg carbóin na Comhairle a laghdú, ó thaobh a riachtanais fuinnimh a bhainistiú agus Straitéis um Athrú Aeráide na Comhairle a fhorbairt, chomh maith le tionscadail chaomhnaithe fuinnimh le tréimhse aisíoca ghairid a aithint agus a éascú le cúnamh deontais ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.

The Lifetime Lab staff continued to attract high numbers of visitors (19,000 per annum) for its various Programmes and Events.

The Energy Agency provided valuable assistance in relation to reducing the Councils Carbon Footprint, managing its energy requirements and the development of the Councils Climate Change Strategy as well as identifying and facilitating short payback energy saving projects with grant assistance from SEAI.

The Environmental Laboratory staff based at Kinsale Road carried out statutory monitoring on drinking water, surface water, air as well as landfill parameters to ensure compliance with EPA Waste Licence. The Lab investigated complaints in regard to noise and various types of pollution such as Water/Air /Noise etc.

The DOEHLG funded Waste Enforcement Team operated to an EPA-approved schedule of activity in accordance with Recommended Minimum Criteria for Environmental Inspections (RMCEI) to ensure environmental compliance in regard to over 100 individual pieces of legislation such as the Waste Management and Water Pollution Acts.

These inspections included the investigation of non-routine environmental complaints and scheduled inspections of permitted/licensed sites, facilities and other premises obligated under environmental legislation. Prosecutions were initiated where appropriate. Throughout 2010 the Team also submitted quarterly progress reports to the EPA in respect of their RMCEI Plan objectives and targets.

The Team also assessed environmentally sensitive planning applications and subsequently prepared environmental reports for same, in addition to assessing and issuing permits under various Regulations such as the Solvent Regulations and the Deco Paint Regulations. The Team is involved in External Emergency Planning. In 2010 they successfully co-ordinated a multi-agency External Emergency exercise for the NORA site and prepared a report on the exercise for circulation to the HSA and all principle response agencies involved. They were also involved in the preparation of the report on the Civic Emergency of November 2009 for submission to the DOEHLG.

CORPORATE AFFAIRS

An Ghaeilge

2010 was a period of substantial progress by Cork City Council under its Scéim Teanga 2007-2010. In addition to complying with many of its targets under the Scheme, the Council also re-constituted an Grúpa Stiúrtha into An Grúpa Forbartha Ghaeilge.

This group comprises of elected representatives and officers of the Council whose role it is to promote a culture of bilingualism in the city.

Among the achievements under the Scéim in 2010 were:

- The establishment and promotion of a liosta teagmhalá (contact list) for the public giving names and contact details of personnel in each directorate and department of the council for members of the public wishing to transact their affairs with the council through Irish.
- Translation of homepage of Cork City Council website www.corcaigh.ie including news carousel items under the re-launched Cork City Council website.
- Translation of homepage of each directorate/ department.
- Translation of homepage of more than 17 associated websites of the council vis a commitment to translate 3 under the terms of the Scheme.
- Active engagement with Irish language media on all news stories relating to the Council

During 2010 Cork City Council advertised and sought contributions from the public for its 2011-2014 Scheme and simultaneously researched its own organisation seeking commitments for the second and future Schemes. The 2011-2014 Scéim will be presented to the Department of Community, Equality and Gaeltacht Affairs once agreed and approved.

Rinne foireann na Saotharlainne Comhshaoil atá bunaithe ag Bóthar Chionn tSáile monatóireacht reachtúil ar uisce óil, ar uisce dromchla agus ar aer chomh maith le paraiméadair líonta talún chun a chinntiú go gcloítear le Ceadúnas Dramhaíola na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Rinne an tSaotharlann imscrúdú ar ghearáin maidir le torann agus cineálacha éagsúla truaillithe, amhail Uisce / Aer / Torann srl.

D'oibrigh an Fhoireann Forfheidhmithe Dramhaíola, arna maoiniú ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, de réir sceideal gníomhaíochta a cheadaigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil de réir na gCritéar Íosta Molta um Iniúchadh Comhshaoil (RMCEI) chun géilliúlacht comhshaoil a chinntiú maidir le breis is 100 mír reachtaíochta aonair, amhail na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola agus na hAchtanna um Thruailliú Uisce. Chuimsigh na hiniúchtaí seo iniúchadh ar ghearáin chomhshaoil neamhghnácha agus iniúchtaí sceidealta ar áiseanna agus ar shuíomhanna ceadaithe/ceadúnaithe agus ar áitribh eile ar a bhfuil ceanglais faoin reachtaíocht chomhshaoil. Tionscnaíodh ionchúisimh i gcásanna iomchuí.

I rith 2010 sheol an Fhoireann tuarascálacha dul chun cinn ráithiúla isteach chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir lena gcuspóirí agus a spriocanna faoin bPlean RMCEI. Rinne an Fhoireann measúnú chomh maith ar iarratais phleanála atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de, agus réitigh siad tuarascálacha comhshaoil ina leith ina dhiaidh sin, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar cheadúnais agus iad a eisiúint faoi Rialacháin éagsúla, amhail ?na Rialacháin um Thuaslagóirí agus na Rialacháin um Péinteanna Maisiúla. Tá an Fhoireann páirteach i bPleanáil d'Éigeandálaí Seachtracha.

I 2010 rinne siad comhordú rathúil ar chleachtadh ilghníomhaireachta d'Éigeandáil Sheachtrach do shuíomh na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta (NORA) agus réitigh siad tuarascáil maidir leis an gcleachtadh le scaipeadh ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus ar gach Gníomhaireacht Freagartha Phríomhúil lena mbaineann. Bhí baint acu freisin le réiteach na tuarascála ar an Éigeandáil Chathartha i mí na Samhna 2009 le cur faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA

An Ghaeilge

Rinne Comhairle Cathrach Chorcaí dul chun cinn suntasach faoina Scéim Teanga 2007-2010 sa bhliain 2010. Chomh maith le cloí le go leor de na spriocanna faoin Scéim, d'athbhunaigh an Chomhairle an Grúpa Stiúrtha mar chuid den Ghrúpa Forbartha Ghaeilge. Tá an grúpa seo comhdhéanta d'ionadaithe agus d'oifigigh thofa sa Chomhairle a bhfuil sé de ról acu cultúr dhátheangachais a chur chun cinn sa chathair.

I measc na nithe a baineadh amach faoin Scéim i 2010 bhí:

- Cruthú agus cur chun cinn **liosta teagmhála** don phobal ina dtugtar ainmneacha agus sonraí teag mhála baill foirne i ngach stiúrthóireacht agus i ngach roinn sa chomhairle do bhaill den phobal gur mian leo a gcuid gnó a dhéanamh i nGaeilge leis an gcomhairle.
- Aistriúchán ar shuíomh Gréasáin Chomhairle Cathrach Chorcaí www.corcaigh.ie lena n-áirítear timpeallán míreanna nuachta faoi shuíomh Gréasáin athsheolta Chomhairle Cathrach Chorcaí.
- Aistriúchán ar leathanach baile gach stiúrthóireachta/roinne.
- Aistriúchán ar leathanach baile os cionn 17 suíomh Gréasáin a bhaineann leis an gcomhairle faoi thiomantas 3 cinn a aistriú faoi théarmaí na Scéime.
- Rannpháirtíocht ghníomhach leis na meáin Ghaeilge ar gach scéal nuachta a bhaineann leis an gComhairle

Le linn 2010 d'fhógair Comhairle Cathrach Chorcaí Scéim 2011-2014 agus lorg sí aighneachtaí ina leith ón bpobal, agus rinne sí taighde ina heagraíocht féin ag an am céanna ag lorg tiomantas don dara Scéim agus do Scéimeanna ina dhiaidh sin. Cuirfear Scéim 2011-2014 faoi bhráid na Roinne Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta chomh luath is a bheidh sé comhaontaithe agus ceadaithe.

RECREATION, AMENITY AND CULTURE

Blackpool Library opened to the public on 15th April 2010, and was officially opened on the 30th of that month by then Lord Mayor, Cllr Dara Murphy. Blackpool Library is located in rented premises in the precinct of Blackpool Shopping Centre and is more than 1,000 M2 in area. The new Library has already established itself with the local community, and has seen greatly enhanced usage by local children and adults.

The Council approved Part 8 planning permission for the proposed new Hollyhill Library during 2010. This will be a library of 800 M2 in area, and will have a very strong focus on the community in terms of layout, facilities, and stock. The Council subsequently lodged an application for funding for this project with the Department of the Environment, Heritage & Local Government in November 2010.

The Libraries commemorated the Burning of Cork in December 1920 and in particular the destruction of the Carnegie Free Library on Anglesea Street through a series of events in November-December 2010: an exhibition telling the story; a specially written book; a procession of more than one hundred library users of all ages, led by the Lord Mayor, Cllr Michael O'Connell, from the site of the old to the site of the new library, in a symbolic re-enactment of the rebuilding of the library collections.

Among the collections deposited or donated to the Cork City & County Archives in 2010 were major collections such as the 'North Mon' glass plate photographic archive, the manuscript journal of Arthur Browne (b.1743-d1821) Governor of Charles Fort, an account book of the Green Coat Hospital, Shandon, dating from 1789, and 3 manuscript letters from Terence MacSwiney written in 1917-1918 while OC of the Volunteers in Cork. Staff began digitizing indexes to the Corporation/City Council Minute Books, and managed the conservation and repair of all St. Joseph's Cemetery records that were in danger of destruction.

Various capital improvement works were carried out in parks throughout the City, including completion of Fairfield improvement works, further works at the Glen River Amenity Park, opening of St. Anns Park, Shandon, and the Military Cemetery, Assumption Road, commencement of Bridevalley Park works, disability improvement works at Mahon Golf Course, in addition to normal maintenance of parks and public open spaces within the City.

A new Biosecurity Plan was approved by the Marine Institute for the Lough. Planning applications were lodged for the development of pitches at Inchigaggin and Togher. Family Bonfire Night activities were organised in various parks throughout the City on June 23rd, attracting 10,000 people on the night, with further support offered to other community events.

St Patricks Festival attracted attendances of nearly 70,000 in March, with 2000 participants in the parade itself. Culture Night on 25th September saw 60 organisations in the City hosting 28,000 cultural visitors. Christmas on the Grand Parade Festival, organised by City Council, ran for over 15 days on the four weekends coming up to Christmas, attracting 120,000 visitors, despite the bad weather.

The Points of View lecture series organised by the Council, saw five free public talks at which leading European cultural experts focused on some key questions facing the cultural sector today. The City Council funded and programme managed a series of events in celebration of the centenary of the composer Professor Aloys Fleischmann.

PLANNING & DEVELOPMENT

Following on from the adoption of a new City Development Plan in 2009, the focus for 2010 was on preparation of Local Plans for particular areas of the city in need of upgrading or which have potential for new development.

ÁINEAS, CONLÁISTE AGUS CULTÚR

Osclaíodh Leabharlann na Linne Duibhe don phobal an 15 Aibreán 2010, agus d'oscail an tArdmhéara, an Comhairleoir Dara Murphy, go hoifigiúil í ar an 30ú lá den mhí sin. Tá Leabharlann na Linne Duibhe lonnaithe in áitribh ar cíos in Ionad Siopadóireachta na Linne Duibhe agus tá achar níos mó ná 1,000 M² ann. Tá tairbhe mhór á baint as an Leabharlann nua ag an bpobal áitiúil cheana féin, agus tá úsáid i bhfad níos mó á baint aisti ag leanaí agus ag daoine fásta áitiúla.

Cheadaigh an Chomhairle cead pleanála Chuid 8 don Leabharlann nua atá beartaithe i gCnoc an Chuilinn i rith 2010. Is leabharlann 800 M² a bheidh anseo, agus beidh béim an-láidir ar an bpobal inti maidir le leagan amach, le háiseanna agus stoc. Thaisc an Chomhairle iarratas ar mhaoiniú don tionscadal seo ina dhiaidh sin leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil i mí na Samhna 2010.

Rinne na Leabharlanna cuimhneachán ar Lascadh Chorcaí i mí na Nollag 1920 agus go háirithe ar scrios Leabharlann Carnegie ar Shráid Anglesea i sraith imeachtaí i mí na Samhna-mí na Nollag 2010: taispeántas inar insíodh an scéal, leabhar a scríobhadh go speisialta, imeacht inar threoraigh an tArdmhéara, an Comhairleoir Mícheál Ó Conaill, mórshiúl ina raibh os cionn céad úsáideoir leabharlainne de gach aois ó shuíomh na seanleabharlainne go suíomh na leabharlainne nua, mar athachtú siombalach ar athfhorbairt bhailiúchán na leabharlainne.

I measc na mbailiúchán a cuireadh i dtaisce nó a bronnadh ar Chartlanna Cathrach agus Contae Chorcaí i 2010 bhí; mórbhailiúcháin amhail cartlann ghrianghrafadóireachta pláta ghloine 'North Mon', Cín Lae lámhscríofa Arthur Browne (1743-1821), Gobharnóir Dhaingean Rinn Chorráin, leabhar cuntais ón Green Coat Hospital, an Seandún, ó 1789, agus trí litir lámhscríofa ó Thraolach Mac Suibhne a scríobhadh i 1917-1918 nuair a bhí sé ina Cheannasaí ar na hÓglaigh i gCorcaigh. Thosaigh an fhoireann oibre ag déanamh digitiú ar innéacsanna do Leabhair Miontuairiscí na Comhairle Cathrach/ na Comhairle, agus bhainistigh siad caomhnú agus deisiú taifid uile Reilig Naomh Seosamh a bhí i mbaol a bheith scriosta.

Rinneadh oibreacha feabhsúcháin chaipitiúla éagsúla i bpáirceanna ar fud na Cathrach, lena n-áirítear cur i gcrích na n-oibreacha feabhsúcháin ag Gort an Aonaigh, oibreacha breise ag Páirc Áineasa Abhainn an Ghleanna, oscailt Pháirc Naomh Áine, an Seandún, agus an Reilig Mhíleata, Bóthar na Deastógála, tús a chur le hoibreacha Pháirc Ghleann na Bríde, oibreacha feabhsúcháin míchumais ag Galfchúrsa Mhachan, chomh maith le gnáthchothabháil na bpáirceanna agus spásanna oscailte poiblí laistigh den Chathair. Cheadaigh Foras na Mara Plean Bithshlándála nua don Loch. Taisceadh iarratais pleanála chun páirceanna imeartha a fhorbairt ag Inse Gaigín agus an Tóchar. Eagraíodh gníomhaíochtaí Oíche Teaghlaigh na dTinte Cnámh i bpáirceanna éagsúla ar fud na Cathrach ar an 23 Meitheamh a mheall 10,000 duine, agus tairgeadh tacaíocht bhreise d'imeachtaí pobail eile.

D'fhreastail beagnach 70,000 duine ar Fhéile Naomh Pádraig i Márta, agus ghlac 2000 duine páirt sa mhórshiúl féin. Bhí 60 eagraíocht sa Chathair ina n-óstaigh do 28,000 cuairteoir cultúir ar an Oíche Chultúrtha a bhí ar siúl ar an 25 Meán Fómhair. Bhí *Féile na Nollag ar Shráid an Chapaill Bhuí*, a d'eagraigh an Chomhairle Cathrach, ar siúl ar feadh níos mó ná 15 lá ar na ceithre dheireadh seachtaine roimh an Nollaig, agus mealladh 120,000 cuairteoir, in ainneoin na drochaimsire.

Bhí cúig léacht phoiblí saor in aisce, inar dhírigh saineolaithe ar chultúr na hEorpa ar chuid de na ceisteanna lárnacha a bhaineann le hearnáil an chultúir sa lá inniu ann, mar chuid den tsraith léachtaí *Point of View* a d'eagraigh an Chomhairle. Rinne an Chomhairle Cathrach maoiniú agus bainistiú cláir ar shraith imeachtaí mar chomóradh céad bliain lá breithe an t-Ollaimh Aloys Fleischmann, cumadóir.

PLEANÁIL AGUS FORBAIRT

Glacadh le Plean Forbartha Cathrach nua i 2009, agus leagadh béim dá thoradh sin i 2010 ar ullmhú Pleananna Áitiúla do limistéir áirithe den chathair ar ghá iad a fheabhsú nó a bhfuil acmhainneacht iontu maidir le forbairt nua.

Críochnaíodh Pleananna Gníomhaíochta le haghaidh an Pharóiste Theas agus le haghaidh Shráidbhaile na Linne Duibhe, agus tá an-obair déanta ar Phleananna Limistéir Áitiúil do Thuaisceart na Linne Duibhe agus do Mhachain agus cuirfear chun cinn iad go mór i 2011.

Glacadh leis an leagan nua de Threoirlínte um Pleanáil Réigiúnach an Iardheiscirt i mí Iúil 2010 agus cuirfidh siad creat ar fáil le haghaidh Pleananna Forbartha Cathrach agus Contae amach anseo.

Action Plans were completed for the South Parish and Blackpool Village, while preparation of Local Area Plans for North Blackpool and Mahon are well underway and will be well advanced in 2011. The new South West Regional Planning Guidelines were adopted in July 2010 and will set the framework for future City and County Development Plans.

In relation to Heritage, 2010 saw the implementation of a series of projects to promote the Heritage of the city, including the very successful Heritage Open Day, a Biodiversity Training Programme for staff, and the grant scheme for Heritage organisations. The architectural conservation grant scheme continued and supported the refurbishment of 17 buildings of heritage significance in the city.

The Planning and Development Directorate received 465 planning applications in 2010. Major applications processed during the year included the largest planning application ever received by Cork City Council for a mixed-use scheme and district centre at the Marina Commercial Park. Planning permission was granted for the decommissioning of the Topaz site, Centre Park Road and construction of a new district centre.

A major mixed-use redevelopment of Wilton Shopping Centre which included new retailing, conference centre, cinema, bowling alley, offices, and new urban square was also permitted by the local authority. Two decisions were taken to grant permission which involved material contraventions of the Development Plan for a mixed-use commercial scheme at Loughmahon and for a community centre for the Cork Muslim Society at Tramore Road.

Significant new developments have taken place in the city centre and other locations arising from recent planning decisions, including the recently completed large-scale retail schemes at St. Patrick Street/Emmet Place, Half Moon Street, and Cornmarket Street which have helped to transform the central city area.

The Development Contribution Scheme, adopted in January 2004, yielded € 2.143m in 2010. These contributions are applied to service current and future development in Cork City and are ring-fenced for capital works.

Increased activity in the Planning Enforcement section has resulted in compliance being achieved through negotiation in many cases, or via successful prosecutions for failure to comply with planning legislation. As a consequence, there is a greater awareness of the necessity to comply with the planning code.

HOUSING & COMMUNITY

In 2010, Cork City Council received a Capital Allocation of €22.23m in respect of Housing Construction, approved by the Department of the Environment, Heritage and Local Government. This allocation will enable 96 new housing starts/acquisitions to be made this year, along with completions totalling 178, in order to meet social housing demand. The City Council will continue to undertake a programme in 2011, constrained by the current economic climate & funding limitations.

Due to the downturn in the general economy, the Department of the Environment, Heritage and Local Government has refocused the Social Housing Investment Programme funding from Construction to the new Social Housing Leasing Initiative in 2010. It is anticipated that this change in funding streams will continue in the coming years. We have completed the construction of 38 no. units in Knocknacullen in 2010.

In 2010, the Government introduced a new Social Housing Leasing Initiative for Housing Authorities and Approved Housing Bodies, in order to provide accommodation to persons who are currently unable to source suitable properties from their own resources. The City Council's Housing Directorate has engaged with Property Developers, Property Owners and Approved Housing Bodies, in order to advance suitable proposals under the initiative.

Maidir le cúrsaí Oidhreachta, cuireadh sraith tionscadal i bhfeidhm i 2010 chun Oidhreacht na cathrach a chur chun cinn, lena n-áirítear Lá Oscailte Oidhreachta a raibh an-rath air, Clár Oiliúna Bithéagsúlachta don fhoireann, agus an scéim deontas d'eagraíochtaí Oidhreachta. Leanadh ar aghaidh leis an scéim deontas um chaomhnú ailtireachta agus cuireadh tacaíocht ar fáil chun 17 bhfoirgneamh sa chathair a athchóiriú a bhfuil tábhacht oidhreachta ag baint leo.

Seoladh 465 iarratas pleanála chuig an Stiúrthóireacht Pleanála agus Forbartha i 2010. Ar na mór-iarratais a próiseáladh i rith na bliana bhí an t-iarratas pleanála ba mhó a cuireadh faoi bhráid Chomhairle Cathrach Chorcaí riamh. Ba iarratas é ar scéim ilchineálach agus lárionad ceantair ag Páirc Tráchtála na Muiríne. Tugadh cead pleanála chun suíomh Topaz, Bóthar na Páirce Láir, a dhíchoimisiniú mar aon le lárionad ceantair nua a thógáil.

Cheadaigh an t-údarás áitiúil athfhorbairt mhór ilchineálach a dhéanamh ar Ionad Siopadóireachta Wilton freisin, lena n-áirítear ionaid miondíola nua, ionad comhdhála, pictiúrlann, cúirt babhlála, oifigí, agus cearnóg nua uirbeach. Rinneadh dhá chinneadh chun cead a dheonú le haghaidh forbairtí a dhéanfadh sárú ábhartha ar an bPlean Forbartha. Bhain siad sin le scéim tráchtála ilchineálach ag Loch Machan agus le hionad pobail do Chumann Moslamach Chorcaí ar Bhóthar na Trá Móire.

Tá forbairtí suntasacha nua déanta i lár na cathrach agus in áiteanna eile de bharr cinntí pleanála a rinneadh le déanaí, lena n-áirítear scéimeanna miondíola mórscála ag Sráid Phádraig/Plás Emmet, Sráid na Leathghealaí, agus ag Sráid Mhargadh an Arbhair. Chuidigh siad seo chun athrú a dhéanamh ar cheantar lár na cathrach.

Thuill an Scéim do Ranníocaíocht Forbartha, ar glacadh léi i mí Eanáir 2004, € 2.143m i 2010. Úsáidtear na ranníocaíochtaí seo chun freastal ar fhorbairt reatha agus amach anseo i gCathair Chorcaí agus tá siad curtha ar leataobh d'oibreacha caipitiúla.

Fágann an méadú ar ghníomhaíochtaí sa Rannóg Forfheidhmithe Pleanála go rabhthas in ann comhlíonadh a bhaint amach trí idirbheartaíocht in a lán cásanna, nó trí leas a bhaint as ionchúisimh i gcásanna nár comhlíonadh leis an reachtaíocht pleanála. Dá thoradh seo, tá tuiscint níos fearr ag daoine ar an riachtanas atá ann an cód pleanála a chomhlíonadh.

TITHÍOCHT & POBAL

I 2010, fuair Comhairle Cathrach Chorcaí Leithdháileadh Caipitil €22.3 milliún maidir le Tógáil Tithe, a cheadaigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Fágfaidh an leithdháileadh seo gur féidir 96 teach nua a thosach/a fháil i mbliana, chomh maith le 178 teach a chur i gcrích san iomlán, chun éileamh ar thithíocht shóisialta a chomhlíonadh.

Leanfaidh an Chomhairle Cathrach de bheith ag tabhairt faoi chlár i 2011, ach beidh sé srianta mar gheall ar na cúinsí eacnamaíochta reatha agus ar theorainneacha le maoiniú.

Mar thoradh ar an gcor chun donais sa gheilleagar go ginearálta, tá an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil tar éis athdhíriú a dhéanamh ar an maoiniú don Chlár Infheistíochta Tithíochta Sóisialta ó Thógáil go dtí an Tionscnamh Léasaithe Tithíochta Sóisialta nua i 2010. Táthar ag súil go leanfar leis an athrú seo i sruthú maoinithe sna blianta atá amach romhainn. Tá 38 aonad curtha i gcrích againn i gCnoc an Chuilinn i 2010.

I 2010, thug an Rialtas Tionscnamh Léasaithe Tithíochta Sóisialta nua isteach d'Údaráis Tithíochta agus do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe, chun cóiríocht a chur ar fáil do dhaoine nach bhfuil ábalta áitribh oiriúnacha a fháil óna n-acmhainní féin. Tá Stiúrthóireacht Tithíochta na Comhairle Cathrach tar éis dul i ngleic le Forbróirí Réadmhaoine, Úinéirí Réadmhaoine agus Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe, chun tograí feiliúnacha a chur chun cinn faoin tionscnamh.

Cé go bhfuil go leor dul chun cinn déanta maidir le tograí a bhrú chun cinn ar scéimeanna éagsúla, tá 16 aonad bainte amach go dtí seo i 2010. Táthar ag súil go mbeidh timpeall 250 aonad ar fáil i 2011 faoin tionscnamh, faoi réir Comhaontuithe Léasaithe a chur i gcrích go rathúil ar na tograí eile.

I 2010, fuair Comhairle Cathrach Chorcaí Leithdháileadh Caipitil 4.5 milliún i leith soláthar cóiríochta do riachtanais speisialta ó Earnáil na Tithíochta Deonaí agus na Comhar-Thithíochta. Cuireadh 35 aonad i gcrích i 2010. Seachadfar aonaid bhreise faoin Scéim um Chúnamh Caipitil, a bhfuil tograí ina leith os comhair na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, ag brath ar ár leithdháileadh maoiniúcháin i 2011.

Although much progress has been made in advancing proposals on various schemes, 16 units have been delivered to date in 2010. It is anticipated that, subject to successfully concluding Leasing Agreements on the remaining proposals, some 250 units will become available in 2011 under the initiative.

In 2010, Cork City Council received a Capital Allocation of €4.5m for the provision of special needs accommodation by the Voluntary & Co-Operative Housing Sector. There were 35 no. completions in 2010. The delivery of further units under the Capital Assistance Scheme, proposals for which are with the Department of the Environment, Heritage and Local Government, will be dependent on our funding allocation in 2011.

The Housing Capital Team launched a suite of documents in October 2010, in order to provide direction and cohesion to all participating stakeholders in the planning, design and construction of social & affordable housing for Cork City Council.

These documents have been developed over the past 18 Months following extensive consultation and cooperation with our colleagues in Housing Maintenance, Planning, Law, Architects, Water Distribution, Drainage, Roads & Traffic Sections and Parks Recreation.

With the introduction of new government Capital Works Management Framework by the Department of Finance, we reviewed the existing procedures and decided to develop a comprehensive methodology that covered all aspects of the procurement process for the design and construction of social and Affordable Housing by Cork City Council.

The relevant documents include the following:

- General Specifications for Construction works associated with Social & Affordable Housing.
- Preliminaries and Works Requirements for Construction & Demolition Works associated with Social & Affordable Housing.
- Procedures to be adopted by Housing Directorate for all planning applications under Part 8 of the Planning & Development Acts
- Procedures to be adopted by Housing Directorate & Law Dept for all Contracts to be entered into for the purchase or construction of Social & Affordable Houses.

In 2010, the City Council availed of significant grant assistance from the Department of the Environment, Heritage and Local Government towards the refurbishment and the retrofitting of energy efficiency measures to approximately 200 vacant units. The works were carried out both by the City Council's own staff and by Contract. It is expected that this initiative will continue in 2011.

In addition to such work to vacant units, in 2011 the City Council proposes, again with the assistance of the Department of the Environment, Heritage and Local Government, to include some of the older housing stock and apartments in contracts for the retrofitting of energy efficiency measures.

In 2009 under the Housing (Miscellaneous Provisions) Act, 2009 a Regional Homelessness Consultative Forum was set up for the South West Region which comprises of Cork City Council, Cork County Council, Kerry County Council and the Health Service Executive. The Regional Forum produced a framework Homelessness Action Plan for the region based on the review of services undertaken by Murtagh & Associates in 2009 and this was adopted by Council in June 2010.

Sheol an fhoireann um Chaipiteal Tithíochta tacar doiciméd i nDeireadh Fómhair 2010, chun treoir agus comhtháthú a chur ar fáil do gach geallsealbhóir atá rannpháirteach i bpleanáil, dearadh agus tógáil tithíochta sóisialta & inacmhainne do Chomhairle Cathrach Chorcaí. Forbraíodh na doiciméid seo le 18 mí anuas tar éis dul i gcomhairle go forleathan agus comhoibriú lenár gcomhghleacaithe i gCothabháil Tithíochta, Pleanáil, Dlí, Ailtirí, Dáileachán Uisce, Draenáil, Rannóga Bóithre agus Tráchta agus Páirceanna agus Áineas.

Nuair a thug an Roinn Airgeadais Creat Bainistíochta Oibreacha Caipitil rialtais nua isteach, rinneamar athbhreithniú ar na nósanna imeachta atá ann cheana féin agus ghlacamar cinneadh modheolaíocht chuimsitheach a fhorbairt, a chlúdaigh gach gné den phróiseas soláthair maidir le dearadh agus tógáil tithíochta sóisialta agus inacmhainne ag Comhairle Cathrach Chorcaí.

Áirítear na doiciméid seo a leanas ar na doiciméid ábhartha:

- Sonraíochtaí Ginearálta maidir le hoibreacha Tógála a bhaineann le Tithíocht Shóisialta Inacmhainne.
- Réamhimeachtaí agus Riachtanais Oibreacha maidir le hOibreacha Tógála & Scartála a bhaineann le Tithíocht Shóisialta Inacmhainne.
- Nósanna imeachta le glacadh ag an Stiúrthóireacht Tithíochta maidir leis na hiarratais phleanála uile faoi Chuid 8 de na hAchtanna Pleanála & Forbartha
- Nósanna imeachta le glacadh ag an Stiúrthóireacht Tithíochta & ag an Roinn Dlí maidir leis na Conarthaí uile le bheith déanta maidir le ceannach nó tógáil Tithe Sóisialta Inacmhainne

I 2010, bhain an Chomhairle Cathrach leas as cúnamh deontais suntasach ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil chun cabhrú le bearta éifeachtúlachta fuinnimh a athchóiriú agus a iarfheistiú i dtimpeall 200 ionad folamh. Bhí an obair seo ar bun ag foireann na Comhairle Cathrach féin agus ar Conradh. Táthar ag súil go leanfar leis an tionscnamh seo i 2011.

Chomh maith le hobair den chineál sin in aonaid fholmha, tá sé i gceist ag an gComhairle Cathrach le cabhair ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil cuid den soláthar tithe agus árasán níos sine a chuimsiú i gconarthaí a bhaineann le hathchóiriú agus le hiarfheistiú bearta éifeachtúlachta fuinnimh.
Ceapadh Fóram Comhairleach Réigiúnach um Easpa Dídine i 2009 faoi Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 i gcomhair Réigiún an Iardheiscirt atá comhdhéanta de Chomhairle Cathrach Chorcaí, Comhairle Contae Chorcaí, Comhairle Contae Chiarraí agus d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Cheap an Fóram Réigiúnach creatphlean Gníomhaíochta um Easpa Dídine don réigiún bunaithe ar an athbhreithniú a rinne Murtagh & Associates ar na seirbhísí i 2009 agus ghlac an Chomhairle leis seo i mí an Mheithimh 2010.

Tá an plean seo á fhorbairt anois ag Grúpa Bainistíochta Straitéisí an Fhóraim mar Phlean Gníomhaíochta Réigiúnach agus cuirfidh sé bunús ar fáil do sholáthar seirbhíse sa réigiún i rith na dtrí bliana atá romhainn. Lena chois sin cuireadh an grúpa Idirghníomhaireachta chun feidhme i 2010 le breathnú i ndiaidh riachtanais chóiríochta agus tacaíochta daoine óga idir 18 agus 25 bliain d'aois. Is é an t-ioncam a cuireadh ar leataobh do sheirbhísí easpa dídine i 2010 ná €4.2 milliún, agus 90% de sin á fháil ar ais ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Maidir leis an Scéim um Chóiríocht ar Cíos, bainfear os cionn 300 comhaontú amach den chuid is mó i rith 2010, rud atá ag cloí leis an sprioc a leagadh síos. Tá timpeall 750 comhaontú curtha i bhfeidhm idir na hearnálacha Príobháideacha agus Deonacha um Thithíocht ar Cíos faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos.

D'oscail an tAire Michael Finneran Bloc D de Thionscadal Athnuachana Chnoc na hAoine agus forbairt an Lárionaid Bhaile nua ar an 11 Deireadh Fómhair, 2010. Tá na saoráidí pobail go léir, lena n-áirítear Oifig Tithíochta nua an Cheantair ag feidhmiú anois. Tá Céim III den Scéim Athnuachana imithe ar aghaidh go céim an deartha agus cuirfear tús leis an obair thógála nuair a bheidh deireadh curtha le hathbhreithniú ar Mháistirphlean Chnoc na hAoine atá ar siúl faoi láthair.

Tá tús curtha leis an dara céim de Thionscadal Athnuachana an Ghleanna. Leagadh tuilleadh bloc árasán, rud a chuir feabhas mór ar chuma an cheantair. Cuireadh bailchríoch ar athchóiriú choimpléasc Chéide Ghleann na Gréine agus ar choimpléasc Árasáin an Chúisínigh chomh maith i mí Mheán Fómhair 2010.

This framework plan is now being developed into a Regional Action Plan by the Strategic Management Group of the Forum and this plan will form the basis for service provision in the region for the next three years. 2010 also saw the implementation of an Inter Agency group to look after the accommodation and support needs of young people between the ages of 18 and 25 years. The provision for homeless services in 2010 is €4.2 m, with 90% recoupable from the Department of the Environment, Heritage and Local Government.

In relation to the Rental Accommodation Scheme, over 300 agreements will be substantially achieved during 2010 in compliance with the target set. In total around 750 RAS agreements have been put in place between the Private Rented and Voluntary sectors.

Work on Block D of the Knocknaheeny Regeneration Project and the development of the new Town Centre were officially opened by Minister Michael Finneran on 11th October, 2010. All elements of the community facilities, including the new Area Housing Office are now operational. Phase III of the Regeneration Scheme has advanced to design stage and construction will commence following the completion of a review of the Knocknaheeny Masterplan which is currently underway.

The second phase of the Glen Regeneration Project has commenced and further blocks of flats were demolished, contributing a significant visual improvement to the area. The refurbishment of the Sunvalley Drive complex was completed and the Cushing Flat complex was also completed in September 2010.

ROADS AND TRANSPORTATION

The City Council received planning approval for the Docklands Infrastructure Scheme along with confirmation of the accompanying Compulsory Purchase Order. Tenders were received for the construction of the Bandon Road and Sarsfield Road Interchanges on the South Ring Road with work expected to commence in early 2011. Consultants have been appointed for the design of an upgrade of the Dunkettle Interchange with a Scheme to be published in 2012. Preparation of an EIS and compulsory acquisition order documentation is largely complete for the eastern section of the Northern Ring Road. The City Council working with the County Council and other Stakeholders are closing out the final projects in the current Green Routes Programme, which will provide improvements on 130km of the most heavily used bus corridors along with improvements for cyclists on the same routes. Work is well advanced on the design of a park and ride facility on the Carrigrohane Road. In conjunction with the resolution of traffic problems at the Dunkettle Roundabout, a further Park and Ride Facility will be provided.

The City Council continues to address mobility demand management on schemes funded by the European Union and by participating in a bid under the National Sustainable Transport Programme for an Integrated Smarter Travel Project.

CONCLUSION

The redevelopment of Cork Docklands is a key project for the city and is seen as a key factor in the growth of Metropolitan Cork and the Cork Gateway. As such the regeneration project is one of the core elements contained in the Cork Area Strategic Plan (C.A.S.P.) and the Cork City Development Plan 2009-2015.
The following key areas formed the main focus of activity by the Docklands Directorate in 2010:

- Design of the Public Realm
  Landscape Architects and supporting consultants were sought in 2009 for the design of the public realm/public spaces in Docklands. Mitchell+Associates leading a multi disciplinary design team were selected in early 2010 and commenced work on the detailed designs for the full extent of the public realm within the North and South Docks.
- Procurement of Consultants for the Design of Marina Park

BÓITHRE AGUS IOMPAIR

Fuair an Chomhairle Cathrach cead pleanála le haghaidh Scéim Bonneagair na nDuganna chomh maith leis an Ordú Ceannaigh Éigeantaigh a ghabhann leis. Fuarthas tairiscintí chun na hAcomhail ar Bhóthar Dhroichead na Bandan agus ar Bhóthar an tSáirséalaigh ar an gCuarbhóthar Theas a thógáil, agus táthar ag súil go gcuirfear tús leis an obair go luath i 2011.

Tá sainchomhairleoirí ceaptha chun dearadh a sholáthar i gcomhair uasghrádú Acomhail Dhún Citil, agus foilseofar Scéim i 2012. Tá Ráiteas Tionchair Timpeallachta agus doiciméid maidir le hordú tógála éigeantaí don Chuid Thoir den Chuarbhóthar Thuaidh curtha i gcrích den chuid is mó.

Tá an Chomhairle Cathrach, i gcomhar leis an gComhairle Contae agus le Páirtithe Leasmhara eile, ag críochnú na dtionscadal deiridh sa Chlár Bealaí Glasa reatha, a chuirfidh feabhsúcháin ar fáil ar 130km de na conairí bus is mó a úsáidtear, chomh maith le feabhsúcháin do rothaithe ar na bealaí céanna.

Tá obair go mór chun cinn ar dhearadh áis páirceála agus taistil ar Bhóthar Charraig Ruacháin: i gcomhar le réiteach fadhbanna tráchta ag Timpeallán Dhún Citil, cuirfear áis bhreise páirceála agus taistil ar fáil.

Leanann an Chomhairle Cathrach ag tabhairt faoi bhainistíocht éilimh shoghluaisteachta ar scéimeanna arna maoiniú ag an Aontas Eorpach agus trí pháirt a ghlacadh i dtairiscint faoin gClár Iompair Inbhuanaithe Náisiúnta do Thionscadal Comhtháite *Smarter Travel*.

CONCLÚID

Príomhthionscadal don chathair is ea athfhorbairt Dhuganna Chorcaí agus is gné lárnach i bhforbairt Chathair agus Thairseach Chorcaí í. Mar sin, tá an tionscadal athnuachana seo ar cheann de na gnéithe lárnacha atá i bPlean Straitéiseach Cheantar Chorcaí (PSCC) agus i bPlean Forbartha Chathair Chorcaí 2009-2015.

Is ar na príomhréimsí seo a leanas a dhírigh Stiúrthóireacht na nDuganna a cuid gníomhaíochta i 2010:

- Dearadh an Limistéir Phoiblí
  Lorgaíodh Ailtirí Tírdhreacha agus sainchomhairleoirí tacaíochta i 2009 chun spásanna poiblí an limistéir phoiblí sna Duganna a dhearadh. Roghnaíodh Mitchell & Associates atá i gceannas ar fhoireann deartha ildisciplíneach go luath i 2010 agus cuireadh tús le dearaí mionsonraithe a tharraingt i gcomhair gach áite a mbeidh baint ag an bpobal leo i limistéir na nDuganna Thuaidh agus Theas.

- Sainchomhairleoirí a fháil chun Páirc na Muiríne a Dhearadh
  Cuireadh tús i Nollaig na bliana 2010 leis an bpróiseas maidir le hAiltirí Tírdhreacha agus sainchomhairleoirí tacaíochta eile a cheapadh chun thart faoi 30 heicteár de thailte conláiste a dhearadh ag an Muiríne, agus cuireadh 6 ghrúpa sainchomhairleoirí ar an ngearrliosta. Tá sé beartaithe iad a chur faoi agallamh agus an próiseas a thabhairt chun críche go luath i 2011.

Tar éis tionscadal athfhorbartha suntasach a cuireadh tús leis i samhradh na bliana 2009, tá athchóiriú déanta ar shuíomh Gréasáin na Comhairle Cathrach, suíomh a bhain duaiseanna amach roimhe seo, agus thosaigh sé ag feidhmiú ar an Aoine, 3 Meán Fómhair, 2010. Tá i bhfad níos mó déanta sa tionscadal bliana seo ná cuma an tsuímh a athrú - tá treoshuíomh iomlán an tsuímh athraithe go mór.

Bhí bunstruchtúr an tsuímh deartha go príomha chun neart faisnéise faoin gComhairle Cathrach agus faoi na seirbhísí éagsúla a chuireann sí ar fáil a chur in iúl. Thosaigh an tionscadal athfhorbartha amach trí dhíriú ar staitisticí úsáide, próifíl a chur le chéile maidir le cuairteoirí agus anailís a dhéanamh ar an eolas a bhí á rochtain acu.

Ceann de na rudaí a spreag an t-athdhearadh ná go mbeadh sé ar chumas an tsuímh Ghréasáin an Chathair a chur chun cinn feasta. Tá athchumrú nua déanta ar an suíomh Gréasáin anois chun go mbeidh ról straitéiseach aige maidir le cur chun cinn Chorcaí agus Réigiún Chorcaí.

The procurement process for Landscape Architects and other supporting consultants to design some 30 ha of amenity lands at the Marina was commenced in 2010 with 6 groups of consultants being shortlisted in December of that year. It is intended to interview and complete the procurement process in early 2011.

Following a major redevelopment project which started in summer 2009, the Award-winning City Council website has been revamped and went live on Friday, September 3rd, 2010. The year-long project has gone a lot further than producing a new look for the site - the orientation of the site has been radically changed.

The original structure of the site was designed primarily to convey a wealth of information in relation to the City Council and the various services it provides. The redevelopment project began by focusing on usage statistics, profiling the visitors and analysing the information that they were accessing.

The potential of the website to fulfill a promotional role for the City was a key driver in its redesign. The website has now been reconfigured to function a lot differently and to fulfill a strategic role in promoting Cork and the Cork Region. As well as the smart new look, new features have been added to the site including video clips and an Events Carousel.

The functionality has been adapted to provide for more efficient sign-posting to other service providers and sites of interest.

Lifetime Lab at the Old Cork Waterworks has become the first tourist attraction in Ireland to receive the internationally recognised ECO centre accreditation from An Taisce. The City Manager Joe Gavin and Lord Mayor Cllr. Michael O'Connell accepted the award on behalf of the popular visitor centre operated by Cork City Council on the Lee Road.

The centre which is open to the public promotes sustainable living as well as providing science and environmental education for primary schools. The Standard was achieved by introducing environmental management systems across day to day operations, for example the monitoring of energy allowed Lifetime Lab to reduce its electricity consumption by 36%, and similar savings were made across water and waste.

Lifetime Lab is located in the old Cork City Waterworks on the Lee Road. Open to the public the restored Victorian complex contains a Visitor Centre with interactive exhibits, a steam centre with the original boilers and huge steam engines once used to supply water to the City of Cork, a schools centre, coffee dock, picnic area, children's playground and is fully wheelchair accessible.

Ní hamháin go bhfuil cuma chliste nua air ach tá gnéithe nua curtha leis lena n-áirítear gearrthóga físe agus Timpeallán Imeachtaí. Tá an fheidhmiúlacht curtha in oiriúint chun treoir níos éifeachtúla a sholáthar maidir le soláthraithe seirbhísí agus suíomhanna inspéise eile.

Tá an tSaotharlann Saolré ag Seanoibreacha Uisce Chorcaí ar an gcéad ní is díol spéise do thurasóirí in Éirinn a fuair creidiúnú ionaid éiceolaíochta atá aitheanta go hidirnáisiúnta ó an Taisce. Ghlac Bainisteoir na Cathrach Joe Gavin agus an tArdmhéara an Comhairleoir Mícheál Ó Conaill leis an duais thar ceann an ionaid chuairteoirí mhóréilimh atá á oibriú ag Comhairle Cathrach Chorcaí ar Bhóthar na Laoi.

Tá an t-ionad oscailte don phobal, agus cuireann sé maireachtáil inbhuanaithe chun cinn chomh maithe le hoideachas eolaíochta agus comhshaoil a chur ar fáil do bhunscoileanna. Baineadh amach an Caighdeán trí chórais bainistíochta comhshaoil a thabhairt isteach i gcomhair oibríochtaí laethúla, mar shampla, laghdaigh an tSaotharlann Saolré a hídiú leictreachais faoi 36% mar thoradh ar mhonatóireacht fuinnimh, agus rinneadh coigiltis den chineál céanna ar uisce agus ar dhramhaíl.

Tá an tSaotharlann Saolré lonnaithe i "Seanoibreacha Uisce Chathair Chorcaí" ar Bhóthar na Laoi. Tá an t-ionad Victeoiriach nuachóirithe oscailte don phobal agus tá Ionad na gCuairteoirí ann le taispeántais idirghníomhacha, ionad gail leis na coirí bunaidh agus na hinnill ghaile mhóra a d'úsáidtí tráth den saol chun uisce a chur ar fáil do Chathair Chorcaí, ionad scoile, láthair caifé, láthair picnicí, clós súgartha do leanaí, agus tá sé lánoiriúnach do chathaoir rothaí.

Tuarascáil Bhliantúil

Annual Report

2010

COMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ
CORK CITY COUNCIL